POBAL AGUS FIONTRAÍOCHT



POBAL AGUS FIONTRAÍOCHT

RÉAMHRÁ

Tá an Stiúrthóireacht do Phobal agus Fiontraíocht ag feidhmiú de réir an ráitis aidhme:

"Bainfimid úsáid as páirtnéireachtaí sofhreagracha agus nuálaíocha le feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí i gCorcaigh".

Tá an ráiteas aidhme seo ag teacht le Ráiteas Misin Chomhairle Cathrach Chorcaí:

"Údarás Áitiúil freagrach agus cruthaitheach a bheidh ionainn, i gcroílár gach iarrachta chun an caighdeán maireachtála a fheabhsú laistigh de Chorcaigh, agus chun tosaigh chun freastal ar riachtanais ár bpobail."

Chun an aidhm seo a bhaint amach tá gá le comhordú de sheirbhísí laistigh agus lasmuigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Tá an Stiúrthóireacht ag obair sna réimsí gníomhaíochta seo a leanas:

1. Ag tacú le Bord Forbartha Chathair Chorcaí
2. Ag cur an Clár RAPID i bhfeidhm
3. Ag spreagadh Forbairt an Phobail agus Cuimsitheacht Shóisialta
4. Ag cur clár oibre Áitiúil 21 i bhfeidhm
5. Ag spreagadh Forbairt Eacnamaíochta

Is féidir gach ceann de na réimsí seo a nasc le gach sprioc chorporáideach ach i ndáiríre, cuirtear na haidhmeanna faoin sprioc chorporáideach is fearr a léiríonn an aidhm.

Is cóir a aithint nach féidir na haidhmeanna seo a bhaint amach gan comhoibriú ó Stiúrthóireachtaí agus Ranna eile laistigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí agus, i gcásanna áirithe, ó eagraíochtaí seachtracha.

SPRIOC CHORPORÁIDEACH 1

CEANNASAÍOCHT CATHRACH

Tabharfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí ceannasaíocht daonlathach agus bainistíocht dá hacmhainní chun folláine ghinearálta an phobail a fheabhsú

Is í seo an aidhm atá againn:

- Cuidiú le Baill Tofa na Comhairle ceannasaíocht daonlathach a sholáthar.

Bainfimid an aidhm seo amach mar seo a leanas:

- Trédhearcacht agus freagracht a spreagadh in obair na Stiúrthóireachta.
- Ag obair le baill tofa ar Bhord Forbartha Chathair Chorcaí agus eagraíochtaí eile chun cur le héifeacht na n-eagraíochtaí seo.
- Tuairisciú go rialta ag an CPS Pleanála agus Forbartha agus Coiste Feidhmiúil Pleanála agus Forbartha.
- Ag tacú leis an bhfo-chiste Forbairt an Phobail.
- Pleananna oibre bliantúla a ullmhú.

Athbhreithniú: Déanfaimid dul chun cinn a mheas mar seo a leanas:

- Freagraí na nBall Tofa ar na coistí seo d'obair na Stiúrthóireachta.

SPRIOC CHORPORÁIDEACH 2

FORBAIRT NA CATHRACH

Cinnteoidh Comhairle Cathrach Chorcaí forbairt eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus timpeallachta Chorcaí ar bhealach inbhuanaithe i gcomhpháirt le gnóthaí agus pobail áitiúla.

Is iad seo na haidhmeanna atá againn:

- Forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe Chathair Chorcaí a mhéadú.
- Tacú le himeachtaí pobal-bhunaithe.
- Forbairt inbhuanaithe a chothú tré phrionsabail clár oibre Áitiúil 21.

Bainfimid na haidhmeanna seo amach mar seo a leanas:

- Obair le háisínteachtaí agus eagraíochtaí cuí
- Ag spreagadh Chathair Chorcaí go háitiúil agus go hidirnáisiúnta tré Threoir Straitéiseach Chorcaí agus www.corkcity.ie
- Cathair Chorcaí a chur i gcomparáid le cathracha eile
- Corcaigh a fhorbairt mar chathair "e-chumasaithe"
- Naisc chomhoibritheacha a fhorbairt agus a chothabháil le pobail agus eagraíochtaí phobail
- Obair le eagraíochtaí phobail chun a chinntiú go bhforbraítear áiseanna poiblí go héifeachtach agus go héifeachtúil
- Bun-téamaí a aithint atá le plé ar bhonn inmheánach

Athbhreithniú: Déanfaimid dul chun cinn a mheas mar seo a leanas:

- Spriocanna a bhaint amach mar atá sa Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí
- Teagmháil maith le gnóthaí áitiúla agus ag teacht isteach
- Bun-ghnéithe a aithint a mbeidh tionchar acu ar ghníomhartha as seo amach
- Spriocanna i bPlean TFC Chorcaí
- Forbairt an togra "Cork.ie"
- Críoch a chur leis an dtogra "Bothán agus Talamh Coitianta Gharrán na mBráthar"
- Cúig théama a aithint agus tús le gníomhú orthu

Cork City Council
Comhairle Cathrach Chorcaí

SPRIOC CHORPORÁIDEACH 3

SEIRBHÍS DEN SCOTH

Cuirfidh Comhairle Cathrach Chorcaí seirbhísí éifeachtacha den scoth ar fáil de réir riachtanais a cathróirí.

Is iad seo na haidhmeanna atá againn:

- Beidh Cuimsitheacht Shóisialta mar bhunús le dearadh, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú sheirbhísí uilig de chuid Comhairle na Cathrach.
- Beidh na Seirbhísí ag freagairt do riachtanais na bpobal áitiúil.

Bainfimid na haidhmeanna seo amach mar seo a leanas:

- Ag obair le Baill Tofa, gach Stiúrthóireacht agus Roinn, agus eagraíochtaí eile chun bolscaireacht a dhéanamh, anailís ar pholasaí, taighde agus monatóireacht ar imeachtaí.
- Modhanna a fhorbairt chun tuairimí na bpobal a fháil.
- Prótacail a fhorbairt chun tuairimí na bpobal sin a fháil trí Straitéis Forbartha Phobail.
- Prionsabail forbartha phobail a úsáid chun soláthar seirbhísí a fheabhsú.

Athbhreithniú: Déanfaimid dul chun cinn a mheas mar seo a leanas:

- Torthaí a mheas maidir leis na tascairí atá ag an Straitéis Náisiúnta i gcoinne an Bhochtanais agus na spriocanna atá i bPlean Chomhairle Cathrach Chorcaí do Chuimsitheacht Shóisialta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na modhanna oibre le Comhairle Cathrach Chorcaí agus pobail áitiúla.
- Aiseolas a fháil ó phobail áitiúla.

SPRIOC CHORPORÁIDEACH 4

NAISC A CHRUTHÚ

Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí le cruthú agus forbairt nasc le heagraíochtaí eile chun cur lena héifeacht.

Is í seo an aidhm atá againn:

- Comhordú ar sholáthar de sheirbhísí a bhaint amach tré Bhord Forbartha Chathair Chorcaí agus an Clár RAPID.

Bainfimid an aidhm seo amach mar seo a leanas:

- Naisc a fheabhsú idir Bhord Forbartha Chathair Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí.
- "Imagine Our Future" agus straitéis eile a leanann í a chur i bhfeidhm.
- Córais chun eolas a roinnt a dhearadh agus a chothabháil.
- Moltaí a fhorbairt chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí i bpobail áitiúla.
- Pleananna a fhorbairt atá dírithe ar spriocghrúpaí atá ar an imeall.

Athbhreithniú: Déanfaimid dul chun cinn a mheas mar seo a leanas:

- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm agus tuairisc in aghaidh na ráithe chuig Bord Forbartha Chathair Chorcaí.
- Teagmháil rialta idir Stiúrthóirí Seirbhísí agus Baill de Chomhairle na Cathrach.
- Úsáid taifeadta den Láithreán Iniúchta SIM.
- Gníomhaíocht chomhordaithe i bpobail áitiúla mar atá bunaithe trí thuairimí na n-áisínteachtaí agus eagraíochtaí pobail, agus tuairiscí Rialtais.